# FIOS FOGHLAMA

## DEIREADH FÓMHAIR 2025

Fáilte mhór chuig eagrán Dheireadh Fómhair de "Fios Foghlama", cor poist míosúil an GhaelAonaid Bunscoile, i dtaca le teagasc agus foghlaim a chomhroinnt le múinteoirí bunscoile.




An mhí seo, táimid ag díriú ar théamaí an Fhómhair agus Oíche Shamhna – séasúr lán le féidearthachtaí spraíúla don seomra ranga! San eagrán seo gheobhaidh sibh dánta séasúracha, frásaí úsáideacha as Gaeilge, oidis éasca le húsáid sa seomra ranga, podchraoladh do mhúinteoirí, chomh maith le smaointe simplí do ghníomhaíochtaí praiticiúla a spreagfaidh an tsamhlaíocht agus an Ghaeilge.
Tá súil againn go mbeidh rud éigin ann do gach múinteoir, agus go gcabhróidh sé le pleanáil agus hatmaisféar taitneamhach foghlama a chruthú i rith an tséasúir.

Le buíochas agus le meas,
Ó Fhoireann Bhunscoile an GhaelAonaid

## IARRATAS AR THACAÍOCHT SCOILE

Soláthraíonn Oide tacaíocht chomhthéacsaithe ionscoile le linn/tar éis uaireanta scoile i réimsí tosaíochtaí éagsúla. Is féidir linn é sin a chur ar fáil sna bealaí seo:

- Ag obair le ceannairí scoile
- Ag obair le foirne iomlána (2 uair an chloig ar a laghad)
- Ag obair le grúpaí múinteoirí
- Ag léiriú cur chuige oideolaíochta sa seomra ranga
- Tacaíocht Leanúnach (tuilleadh eolais thíos)




Trí iarratas a dhéanamh ar thacaíocht ionscoile, tiocfaidh Ceannaire Foghlama Gairmiúla Oide ar cuairt chuig do scoil chun tacaíocht a sholáthar a chuirfear in oiriúint do shainriachtanais na scoile.

Tá iarratais ar thacaíocht scoile don scoilbhliain 2025/2026 ar oscailt i láthair na huaire. Tuilleadh eolais le fáil ag: https://oide.ie/ga/tacaiocht-scoileanna/tacaiocht-bunscoile-sa-scoil/




## BEATHA TEANGA

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Is áis í Beatha Teanga atá forbartha ag Gaeloideachas chun tacú le scoileanna lán-Ghaeilge an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga na cumarsáide, an spraoi agus an tsóisialaithe ina bpobal scoile.

**Leabhrán PDF & Suíomh Idirlín**
Is í sprioc an leabhráin ná dearcthaí dearfacha agus gníomhartha a spreagadh i measc phobail na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a chuirfidh le cur chun cinn na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an spraoi agus an tsóisialaithe.
Tá PDF den leabhrán ar fáil ar shuíomh idirlín Beatha Teanga anseo agus ag an nasc thuas.




**Caibidil 2-An Ghaeilge sa Chlós**
Tá treoir agus tacaíochtaí do chur chun cinn na Gaeilge sa chlós ar fáil i gCaibidil 2. Pléann an Dr. TJ Ó Ceallaigh agus Dónal Ó hAiniféin ceist na Gaeilge sa chlós sna físeáin tacaíochta atá ar fáil ar sheinnliosta Beatha Teanga ar YouTube.







## PODCHRAOLADH NA MÍOSA

Sa phodchraoladh seo, labhraíonn múinteoirí faoina dtaithí ag múineadh páistí le huathachas i scoileanna lán-Ghaeilge.
Tá méadú tagtha ar líon na bpáistí le huathachas i scoileanna lán-Ghaeilge & Gaeltachta le blianta beaga anuas, rud a léiríonn go bhfuil níos mó páistí ag baint leasa as an tumoideachas.
Comhroinntear buntáistí an oideachais lán-Ghaeilge, chomh maith le leideanna agus comhairle do mhúinteoirí, agus pléitear na dúshláin ar leith a bhíonn i gceist agus iad ag tacú leis na daltaí seo.

**Éist leis anseo:**
https://www.buzzsprout.com/1184276/episodes/10704372-gaeloideachas-podcast

## SEANFHOCAL NA MÍOSA



Mol an óige agus tiocfaidh sí.

## SAMHLACHA NA MÍOSA

Chomh dearg le rós
Chomh dubh le gual
Chomh buí le hór
Chomh bán le sneachta
Chomh glas le féar
Chomh liath le luch



# TIONSCADAL FCÁT 2025/26

Cuirimid fáilte ó chroí roimh na scoileanna uile atá páirteach i dTionscadal Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) don Ghaeilge 2025/26. Táimid an-bhuíoch daoibh as an tiomantas agus an dúthracht atá á léiriú agaibh i leith cur chun cinn na Gaeilge i do scoileanna féin. Tá sé mar sprioc againn tacú libh ar an turas seo trí acmhainní, oiliúint agus treoir a chur ar fáil chun an t-eispéireas foghlama a dhéanamh chomh héifeachtach agus is féidir. Le chéile, beimid ag forbairt dea-chleachtais, ag comhoibriú mar phobal foghlama, agus ag tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil atá dírithe ar thorthaí dearfacha do gach páiste.

Guímid gach rath oraibh agus táimid ag súil go mór le bheith ag obair i gcomhar libh le linn na bliana seo romhainn.



## IMEACHTAÍ NA MÍOSA

### Tionól Forbartha Gaeloideachas

Beidh Tionól Forbartha Gaeloideachas i gcomhpháirt le COGG ar siúl arís i mbliana in Óstán Pháirc Bhaile an Róistigh, Corcaigh, ar an **21ú Samhain 2025**. Is mórchomhdháil oideachais í seo do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile ó scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ar fud na tíre, a thabharfaidh deis bualadh lena chéile, dea-chleachtais a mhalartú, agus foghlaim faoi mhodhanna múinte nua-aimseartha. I measc na gceardlann praiticiúil don bhunscoil beidh ábhair amhail luathléitheoireacht, measínfhoghlaim, folláine an mhúinteora, agus tacaíocht do scoláirí le Gaeilge agus Béarla mar theangacha breise. Beidh os cionn 30 eagraíocht i láthair ag aonach na seastán, agus tá ráta lóistín speisialta ar fáil do thoscairí. Tuilleadh eolais agus clárúchán ar fáil anseo: bit.ly/470RgTB.


Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

## TACAÍOCHT TEANGA

### Uaireanta Breise Tacaíochta Teanga do Ghaelscoileanna


D'fhógair an Roinn Oideachais uaireanta breise tacaíochta teanga don Ghaeilge do Ghaelscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht le stádas DEIS, ag tosú sa scoilbhliain 2025/26. Cuirfear iad ar fáil faoi Pholasaí nua an Oideachais Lán-Ghaeilge, le leithdháileadh bunaithe ar rollachán na scoile ar 30 Meán Fómhair 2024. Is céim thábhachtach í seo i dtreo tacaíocht níos cothroime do Ghaelscoileanna.






## ACMHAINN NA MÍOSA

Foghlaim TG4



Le tús na bliana scoile, tá Foghlaim TG4 ag cur sraith nua clár agus acmhainní oideachasúla ar fáil do mhúinteoirí agus scoláirí. I measc na gclár, tá **Cúrsaí an Chontae** (faoin stair agus cultúr i gcontaetha éagsúla), **Scoil Choille – An Fómhar** (faoin nádúr agus athrú na séasúir), agus **Tochailt** (sraith staire le greann).
Tá ceachtanna seachtainiúla bunaithe ar Nuacht Cúla4 agus Nuacht TG4 ar fáil freisin, a thacaíonn le litearthacht agus Gaeilge sa seomra ranga. Tugann na cláir seo tacaíocht chruthaitheach agus spreagúil don fhoghlaim i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

Tuilleadh eolais le fáil ag: Foghlaim TG4 | Bunleibhéal | GaeilgeCúla4 ar Scoil

## DÁN NA MÍOSA

**Duilleoga Deasa**

Duilleoga deasa, deasa,
Duilleoga deasa buí,
Duilleoga deasa, deasa,
Ag damhsa ar an gcraobh.
Duilleoga deasa, deasa,
Duilleoga deasa buí,
Duilleoga deasa, deasa,
Ag séideadh ins an ngaoth.
Duilleoga deasa, deasa,
Duilleoga deasa buí,
Duilleoga deasa, deasa,
Ar an talamh ina luí.

Séamas Ó Céilleachair

# Oideas - Anraith Puimcín

**Comhábhair:**

- 1 kg puimcín (glanta agus gearrtha)
- 1 oinniún (mór, mionghearrtha)
- 2 chlóibh ghairleoige (brúite nó mionaithe)
- 1 litir stoc glasraí nó sicín
- 200 ml uachtair
- Spúnóg mhór d'ola olóige nó im
- Salann agus piobar de réir blais

*Bain Súp as!*



**Treoracha:**

1. Ullmhaigh na comhábhair: Glan agus gearr an puimcín. Gearr an t-oinniún agus an ghairleog.
2. Cócaráil na glasraí: Téigh an ola nó an t-im i sáspan mór. Cócaráil an t-oinniún go dtí go mbeidh sé bog. Cuir an ghairleog leis agus measc ar feadh nóiméid.
3. Cuir an puimcín leis: Cuir an puimcín isteach sa sáspan agus measc ar feadh cúpla nóiméad.
4. Doirt an stoc isteach: Cuir an stoc leis; fan go dtosaíonn sé ag fiuchadh, ansin laghdaigh an teas agus lig dó bruith ar feadh 20–25 nóiméad nó go mbeidh an puimcín bog.
5. Measc an súp: Bain an sáspan den teas agus measc an súp go dtí go mbeidh sé mín.
6. Cuir an t-uachtar leis: Má tá tú ag úsáid uachtair, cuir leis anois é agus téigh arís é ar feadh cúpla nóiméad.
7. Blas agus maisigh: Cuir salann, piobar leis. Maisigh le huachtar nó croutons.

*Chomh maith leis an gcócaireacht a bheith taitneamhach, cuidíonn oidis le foghlaim traschuraclaim freisin — matamaitic chun na comhábhair a thomhas, litearthacht nuair a leanaimid treoracha, agus tugann siad deis stair a fhiosrú nuair a fhéachaimid ar bhunús an bhia.*

## EALAÍN NA MÍOSA

**Maisc pháipéir**

Dear le dathanna geala agus aghaidheanna gránna nó greannmhara.



## EALAÍN NA MÍOSA

**Slabhraí Oíche Shamhna**

Déan slabhraí fada as páipéar oráiste agus dubh chun an seomra a mhaisiú.



# the WEATHERBIES™

Tá comórtas Éicea-amhrán ar siúl do gach naíscoil agus bunscoil in Éirinn mar chuid de cheiliúradh Lá an Domhain 2026. Iarrtar ar pháistí liricí 1 nóiméad a chumadh chun Éicea-Chód na scoile a chur chun cinn.



Is féidir leis na rannpháirtithe ceann de dhá fhuaimrian réamhdhéanta (pop nó rap) a úsáid, nó a bhfonn féin a roghnú, agus gheobhaidh buaiteoirí deis a n-amhrán a thaifeadadh go gairmiúil le foireann cheoil na Weatherbies.

Tuilleadh eolais le fáil ag:
https://theweatherbies.co.uk/comortas-mor-eicea-amhran/

## CLUICHE NA MÍOSA

**Cluiche na Caillí**

Tá Caitlín Cailleach crosta agus níl sí cairdiúil. Iarrtar ar an rang patrún a aimsiú ina cuid roghanna, cluiche a imirt le chéile, agus ansin a gcluiche féin a chruthú. Imir an cluiche ar: NuachtAnois




## LEABHAR NA MÍOSA

**Cat na Caillí**
**le Siobhán Mhic Gearailt**

Ís fada liom go dtiocfaidh Oíche Shamhna,' arsa Cat na Caillí…
Éist leis an scéal á léamh anseo: 'Cat na Caillí' | Cúla4 Ar Scoil |






## AMHRÁIN & DAMHSA NA MÍOSA




### Zombaí

TG Lurgan le leagan d'amhrán Dolores O'Riordan & na Cranberries. Jenny Ní Ruiséil a scríobh na liricí Gaeilge.
*Brú ar an bpictiúr thuas le dul chuig an suíomh.*




### Thriller

Seo an físéan Thriller ó Choláiste Lurgan.
*Brú ar an bpictiúr thuas le dul chuig an suíomh.*